Gaelscoil Bhrian Bóroimhe,
Coill na nÚll,
Sord,
Co. Átha Cliath

Fón: 8902799

Faics: 8700044

U.R. 20095C

Scoil Idirchreidmheach

Suíomh Idirlín: www.gsbb.ie ***Ríomhphost:oifig@gsbb.ie***

27-06-16

A thuismitheoirí/chaomhnóirí, a chairde,

Comhghairdeas le foireann chamógaíochta na gcailíní faoi stiúir Emer & Mheadhbh a d'imir cluiche den scoth i bPáirc an Chrócaigh an tseachtain seo caite. Comhghairdeas le foireann peile na gcailíní faoi stiúir Chiara agus Fhrainc a bhuaigh comórtas peile 'Member First' idir ceantar Shoird agus Cúlóg/Ard Aidhin an tseachtain seo caite. Iarrtar ar na foirne spóirt a chinntiú go bhfuil gach geansaí spóirt ar ais ag an scoil amárach, an 28-06-16.
Congratulations to our girls' camogie team and their mentors, Emer & Meadhbh, who gave a fantastic performance in Croke Park last week. Congratulations to our girls' football team and their mentors, Ciara & Frainc, who retained the overall Member First Credit Union competition title between Swords and Coolock/Artane districts last week! Could you please ensure that all school jerseys are returned to the school by Tuesday, the 28-06-16.

Comhghairdeas arís leis an gcoiste glas faoi stiúir Niamh & Ingrid agus leis an scoil ar fad as ócáid álainn nuair a d'ardaigh an scoil an cúigiú bhratach ghlas ar an gCéadaoin seo caite! Bhí páistí ón gcoiste ar fheabhas ag caint, sheinn an banna ceoil go stuama ceolmhar agus chan na páistí go léir le fuinneamh agus fonn. Maith sibh!
Congratulations to our green school committee under the guidance of Niamh & Ingrid and to the whole school for a wonderful occasion last Wednesday, when we raised our fifth green flag! The children who spoke were excellent, the school band played aplomb and all the children sang with gusto and pride. Well done!

Comhghairdeas le Rang 3 as gairdín álainn na síog a chruthú faoi stiúir Trish, Caitríona, Máire agus Ingrid. Chríochnaigh siad inniu é.
Congratulations to Rang 3 on the construction of our lovely Fairy Garden under the guidance of Trish, Caitríona, Máire and Ingrid . They put the finishing touches to it today!

Agus deireadh na bliana buailte linn, is féidir linn féachtaint siar le bród ar obair na scoilbhliana seo. Mar is gnáth bhí bliain ghníomhach againn lán le foghlaim, spórt, drámaíocht is spraoi. Bhí bliain speisialta comóradh 1916 againn inar scríobh na páistí a bhforógra féin agus inar léiríodh dráma speisialta faoi Éirí Amach na Cásca ag an dá Rang 5.
Lean an feabhas ar aghaidh i gcúrsaí litearathachta agus uimhearthachta i mbliana mar is léir ó na torthaí sna scrúduithe caighdeánaithe. Bhí na múinteoirí go léir an-ghníomhach sna seomraí ranga agus thug na múinteoirí tacaíochta foghlama/acmhainne agus na cúntóirí riachtanais speisialta an-tacaíocht don bhfoghlaim sin laistigh agus lasmuigh den seomra ranga. Tá sé mar aidhm againn tógáil ar an dtacaíocht inranga a thugamar i mbliana.
Anuas ar an bhfoghlaim sa churaclam, bhí go leor imeachtaí breise a chuir foireann na scoile ar fáil dos na páistí as a stuaim féin agus lenár chaith siad a gcuid ama go fial is go flaithiúil leo, idir banna ceoil, peil, iomáint, camógaíocht, lúthchleasaíocht, rith trastíre, rainbows, scoil ghlas, comhairle na ndaltaí, grianghraif & gairdín na scoile ina measc. Míle buíochas!
Thacaigh Cairde na Scoile go mór leis an scoil arís i mbliana le an-chuid imeachtaí agus táimid an-bhuíoch as an tacaíocht sin. Gabhaim buíochas le baill an Bhoird Bhainistíochta a thugann a gcuid ama go fial ar son fhorbairt na scoile. Táimid buíoch as an obair a dhéanann ár nglantóirí agus ár n-airíoch agus i gcónaí buíoch as an obair a dhéanann ár rúnaí iontach, Linda!
As the end of the current school year is upon us, we can look back with pride on another busy year. It was a year full of learning, activity, sport, drama and fun. The centenary of the 1916 rising was duly celebrated and our children composed our own Declaration as the staging of a wonderful and powerful drama recalling some of the events of the Easter Rising by both fifth classes.
Learning outcome in literacy and numeracy continued to improve this year as evidenced by the results from standardised testing. The teachers were very busy in their classrooms and they were very well supported by the learning support/resource teachers and special needs assistants both inside and outside the classroom. It

is our intention to build on the amount of inclass support we give the children at the start of the next academic year.
As well as curricular learning, the staff gave freely of their time and supported a wide variety of extra-curricular activities, including; banna ceoil, football, hurling, camogie, sprinting, distance running, rainbows, photographs, green school, student council & school garden, science & maths awards. Míle Buíochas!
Once again, Cairde na Scoile was an enormous support to the school through the many events they organised this year and we really appreciate that support. I would also like to thank the members of the Board of Management for giving freely of their time to the development of the school. We are grateful to our cleaners and caretaker for the important work they do and especially grateful to our wonderful secretary, Linda!

Beidh Eimear Ní Ghealbháin ag tógáil sos gairme chun dul i mbun staidéir agus tá Clár Nic Samhráin ag obair ar iasacht leis an PDST an scoilbhliain seo chugainn. Guímid gach rath orthu. Guímid gach rath ar Fhrainc Ó Domhnaill a fuair post buan i scoil eile agus gabhaimid buíochas leis as a chuid oibre sa rang agus le foireann peile na gcailíní
Eimear Ní Ghealbháin will be going on career break next year to undertake study and Clár Nic Samhráin has been seconded to the PDST .We wish them the best of luck and also Frainc Ó Domhnaill who has secured a permanent position in another school. I would like to thank him for all his work with 5th class this year and with the girls' football team.

Fágaimid slán ag an dá rang 6 agus guímid gach rath orthu ag bogadh ar aghaidh ón mbunscoil.
We say goodbye to two sixth classes and wish them the very best as they continue their journey onto secondary school.

Tá cóip de na leabhar liostaí ar fáil ar an suíomh chomh maith leis na laethanta saoire. Iarrtar oraibh, le bhur dtoil, a chinntiú go bhfuil gach leabhar ar leis an scoil iad seolta isteach amárach, an 28-06-16.
The booklists are available on gsbb.ie as well as the holidays for next year. Please ensure that any books belonging to the school are returned by tomorrow, the 28-06-16.

Beidh an scoil ag dúnadh ar an Déardaoin, an 30-06-16, ag 12.15 do laethanta saoire an tsamhraidh agus ag athoscailt ar an gCéadaoin, an 31-08-16.
The school will close for the summer holidays on Thursday, the 30-06-16, at 12.15 and will re-open on Wednesday, the 31-08-16.

Cuirfear ar an eolas sibh le téacs níos déanaí sa samhradh maidir le múinteoirí agus ranganna nuair a bheidh na socruithe go léir déanta.
A text will be sent out before the start of the next term in relation to classes and teachers.

Mar eolas daoibh, beidh cruinniú idir an scoil agus an Roinn Oideachas & Scileanna i mí Iúil maidir leis na féidireachtaí chun naíonra a thógáil ar an suíomh.
A meeting has been organised by the Department of Education & Skills with the school to discuss the possibility of building a naíonra onsite.

Go raibh maith agaibh as gach rud agus bíodh samhradh álainn agaibh.
Thank you for everything and I hope everyone has a lovely summer.

Le meas,

_____
Séamus Seaghach (Príomhoide)